2026/2319

20.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2319 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/265 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí tíleanna ceirmeacha de thionscnamh na hIndia agus na Tuirce

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá allmhairí tíleanna ceirmeacha de thionscnamh na hIndia agus na Tuirce faoi réir dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/265 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Varmora Granito Private Limited, cód breise TARIC ([3]) A013, cuideachta atá faoi réir an dleachtráta frithdhumpála 7,3 % le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte, chuir sé an Coimisiún ar an eolas an 19 Márta 2026 gur athraigh sé a ainm go Varmora Granito Limited.

(3) D'iarr an chuideachta ar an gCoimisiún a dheimhniú nach ndearna an t-athrú ainm aon difear do cheart na cuideachta tairbhiú den dleachtráta frithdhumpála ab infheidhme maidir léi faoin ainm a bhí uirthi roimhe seo.

(4) Scrúdaigh an Coimisiún an fhaisnéis a soláthraíodh, agus ba é a chonclúid go raibh an t-athrú ainm cláraithe i gceart leis na húdaráis ábhartha, agus nach raibh aon ghaol nua ann dá bharr le grúpaí eile de chuideachtaí nach ndearna an Coimisiún imscrúdú orthu.

(5) Dá réir sin, ní dhéanann an t-athrú ainm sin difear do thorthaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/265, agus go háirithe don dleachtráta frithdhumpála is infheidhme maidir leis an gcuideachta.

(6) Ba cheart an t-athrú ainm a theacht i bhfeidhm ón 14 Bealtaine 2025. Dheimhnigh an fhianaise sa chomhad freisin go raibh an t-athrú ainm infheidhme ón 14 Bealtaine 2025, an lá a d'eisigh an Aireacht Gnóthaí Corparáideacha Deimhniú Corpraithe de bhun an athraithe ainm.

(7) I bhfianaise a bhfuil sna haithrisí thuas, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/265 a leasú chun ainm athraithe na cuideachta a léiriú, ainm ar sannadh cód breise TARIC A013 dó roimhe seo.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/265 ón gCoimisiún an 9 Feabhra 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí tíleanna ceirmeacha de thionscnamh na hIndia agus na Tuirce (IO L 41, 10.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/265/oj).
([3]) Taraif Chomhtháite an Aontais Eorpaigh.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/265 mar a leanas:

‘An India	Varmora Granito Private Limited	A013’

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad sin:

‘An India	Varmora Granito Limited	A013’

2. Cód breise TARIC A013, a sannadh roimhe seo do Varmora Granito Private Limited, beidh feidhm aige maidir le Varmora Granito Limited ón 14 Bealtaine 2025.

3. Aon dleacht chinntitheach a íocadh ar allmhairí táirgí arna monarú ag Varmora Granito Limited de bhreis ar an dleacht frithdhumpála a leagtar síos in Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/265 a mhéid a bhaineann le Varmora Granito Private Limited, is dleacht í a dhéanfar a aisíoc nó a loghadh i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN